An Roinn Oideachais
Department of Education

Ciorclán 0060/2021

Chuig: Údaráis Bhainistíochta, Príomhoidí agus Múinteoirí na mBunscoileanna, na Meánscoileanna, na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna.

SCÉIM DEONTAIS LE hAGHAIDH CISTIÚ ÓN AONTAS EORPACH A SHOLÁTHAR DO SCOILEANNA FAOIN bPLEAN NÁISIÚNTA UM THEACHT ANIAR AGUS TÉARNAMH CHUN AGHAIDH A THABHAIRT AR AN DEIGHILT DHIGITEACH agus AR FHOGHLAIMEOIRÍ ATÁ I mBAOL MÍBHUNTÁISTE OIDEACHASÚIL

Réamhrá agus Cuspóir

D'fhorbair an Rialtas an Plean Náisiúnta um Theacht Aniar agus Téarnamh chun go bhféadfadh Éire rochtain a fháil ar chistiú faoi Shaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta an Aontais Eorpaigh.

Tá an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ar an gcomhpháirt is mó d'Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (NextGenerationEU), arb í freagairt an Aontais don phaindéim dhomhanda í. Is é an aidhm atá léi an damáiste láithreach geilleagrach agus sóisialta a rinne an phaindéim a dheisiú agus ullmhú don Eoraip a bheidh againn tar éis na paindéime, ar Eoraip í a bheidh níos glaise, ina mbeidh digitiú níos fearr, a bheidh níos athléimní agus a bheidh in ann déileáil lena bhfuil i ndán dúinn.

D'éirigh leis an Roinn Oideachais €50m a áirithiú faoin tsaoráid cistiúcháin sin le haghaidh deontas aonuaire a eisiúint chuig bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna aitheanta sa scéim saoroideachais. Tá an cistiú le húsáid chun cur ar chumas scoileanna **aghaidh a thabhairt ar na riachtanais atá ag foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil de dheasca na heaspa rochtana atá acu ar an mbonneagar digiteach riachtanach**.

Is é an aidhm shonrach atá leis an gcistiú tacú le foghlaimeoirí atá i mbaol **míbhuntáiste oideachasúil** de dheasca na heaspa rochtana atá acu ar an teicneolaíocht dhigiteach. Ba cheart do scoileanna pleanáil le haghaidh an cistiú a úsáid ar bhealach éifeachtach spriocdhírithe mar chuid dá bPlean Foghlama Digití. Tá sé tábhachtach go ndéanfadh scoileanna athbhreithniú ar a bPlean Foghlama Digití chun aidhmeanna sonracha an chistiúcháin a chur san áireamh ann chun a chinntiú go mbeidh infheistíocht a bhfuil cuspóir léi ailínithe lena spriocanna straitéiseacha foriomlána le haghaidh acmhainn dhigiteach a mhéadú do gach foghlaimeoir.

Gnéithe na Scéime Deontais

- Tá an sásra a úsáidtear le haghaidh an méid cistiúcháin deontais a eiseofar a ríomh ualaithe i bhfabhar scoileanna atá páirteach sa chlár DEIS, ar aon dul leis na gealltanais atá sa Phlean Náisiúnta um Theacht Aniar agus Téarnamh. Tá na scoileanna grúpáilte de réir méid rollaithe, agus cnapshuim chaighdeánach á híoc bunaithe ar rollú. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil san Aguisín.
- Tá gach bunscoil agus iar-bhunscoil aitheanta sa Scéim Saoroideachais incháilithe don chistiú.
- Ní mór an cistiú a úsáid le haghaidh bonneagar TFC a cheannach chun spriocdhíriú ar fhoghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil de dheasca na heaspa rochtana atá acu ar theicneolaíochtaí digiteacha ábhartha lena n-éascaítear agus lena gcothaítear rannpháirtíocht, tinreamh agus coinneáil agus chun cothroime rochtana ar an gcuraclam a chinntiú. Ceanglaítear ar scoileanna leas a bhaint as socruithe bunaithe soláthair phoiblí. Tá tuilleadh faisnéise faoi threalamh cuí agus faoi shaincheisteanna soláthair, lena n-áirítear naisc ábhartha, leagtha amach san Aguisín.
- Tacaítear leis an scéim trí threoir agus faisnéis maidir le cúrsaí teicniúla agus soláthair a chur ar fáil do scoileanna agus dá gceannairí.
- Ní mór taifid ar chaiteachas agus doiciméid tacaíochta a choimeád agus a bheith ar fáil lena n-iniúchadh, mar atá leagtha amach.
- Ní mór do scoileanna a chinntiú go gcomhlíontar Ciorclán: 13/2014 dar teideal Deontais ó Chistí Státchiste a Bhainistiú agus Cuntasacht as na Cistí sin.

Faisnéis Bhreise/Ceisteanna Breise

Tá treoir agus faisnéis mhionsonraithe leagtha amach san Aguisín a ghabhann leis an gCiorclán seo.

Ba cheart ceisteanna i ndáil le hoibriú na scéime deontais seo a sheoladh chuig ictpolicy@education.gov.ie.

Chris Kelly
Príomhoifigeach
Beartas um Oideachas Múinteoirí – Digiteach

AGUISÍN:

Conas an cistiú a úsáid

Tá an cistiú le húsáid chun tacú le foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil mar thoradh ar an deighilt dhigiteach. Fiú amháin roimh an dúnadh scoileanna, léiríodh san fhianaise go raibh beagnach aon trian de dhaoine óga an domhain eisiata ón taobh digiteach de (Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO), 2020). Cé gurb ann do bhearna ó thaobh torthaí agus coinneála de idir scoileanna DEIS agus scoileanna nach scoileanna DEIS iad, tugtar le tuiscint i roinnt fianaise go bhfuil an bhearna sin níos leithne fós anois mar thoradh ar an dúnadh scoileanna agus ar an easpa gléasanna atá ar fáil. Ní hé amháin gur féidir leis an deighilt dhigiteach bearnaí socheacnamaíocha atá ann cheana a léiriú, ach is féidir léi na bearnaí sin a leathnú freisin.

Moltar do scoileanna réitigh nuálacha a chur chun feidhme chun dul i ngleic leis an deighilt dhigiteach, chun dul chun tairbhe d'fhoghlaimeoirí agus chun acmhainn agus deiseanna a mhéadú do gach foghlaimeoir chun gur féidir an teicneolaíocht dhigiteach a úsáid go hiomlán sa teagasc agus san fhoghlaim. Cuirfear béim ar leith ar thionscnaimh ina dtugtar aghaidh ar fhoghlaimeoirí atá thíos le dálaí socheacnamaíocha agus ar ghrúpaí mionlaigh, lena n-áirítear an lucht siúil, an pobal Romach, agus foghlaimeoirí atá i soláthar díreach. Gné fhéideartha eile de réitigh den sórt sin is ea cailíní a spreagadh páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí STEAM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, na hEalaíona agus Matamaitic). I dteannta scéimeanna a sholáthar chun bonneagar digiteach a thabhairt ar iasacht d'fhoghlaimeoirí, más gá, tá cineálacha eile cur chuige leagtha amach thíos.

Cineálacha féideartha cur chuige do Thionscadail/Cláir/Gníomhaíochtaí, agus tacaí breise ann d'fhoghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil:

- Is féidir an cistiú a úsáid chun tacú le foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil mar thoradh ar an deighilt dhigiteach agus óna dteastaíonn rochtain ar bhonneagar TFC chun gur féidir leo gabháil don fhoghlaim laistigh den seomra ranga agus lasmuigh de araon.
- Ar leibhéal na bunscoile, gníomhaíochtaí amhail iad sin atá ceaptha chun tacú leis an uimhearthacht, leis an réiteach fadhbanna agus leis an smaointeoireacht ríomhaireachtúil, áit a n-úsáidtear teicneolaíocht amhail róbataic, códú agus araile; gníomhaíochtaí atá ceaptha chun tacú leis an litearthacht agus le hábhair churaclaim amhail stair a sholáthar trí leas a bhaint as an scéalaíocht dhigiteach. Tacaíocht do theangacha trí aipeanna amhail Duolingo agus Sraith Pictiúr.

- Ar leibhéal na hiar-bhunscoile, tacaíocht le haghaidh acmhainn agus deiseanna a mhéadú d'ábhair agus tionscadail STEM, amhail Gearrchúrsaí Sraithe Sóisearaí sa Chódú agus sa Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha; ag an tSraith Shinsearach, tacaíocht d'ábhair amhail Grafaic Dheartha agus Chumarsáide, Eolaíocht Ríomhaireachta, Corpoideachas na hArdteistiméireachta, agus araile.
- Tionscadail ghinearálta STEAM agus gníomhaíochtaí ginearálta STEAM ina n-úsáidtear teicneolaíocht nuálach amhail réaltacht fhíorúil nó bhreisithe agus foghlaim chluichebhunaithe.
- Tacaíocht le haghaidh úsáid Punann Digiteach a mhéadú agus le haghaidh deiseanna a sholáthar chun scileanna digiteacha a fhorbairt.
- Ar leibhéal na hiar-bhunscoile, tacaíocht don phróiseas measúnuithe rangbhunaithe.
- Is féidir leis an teicneolaíocht dhigiteach tacú le gníomhaíochtaí folláine freisin.

  Chun amharc ar shamplaí físeáin de scoileanna a leabaíonn an teicneolaíocht isteach ina gcleachtas trí leas a bhaint as cuid mhór de na cineálacha cur chuige atá liostaithe anseo, tabhair cuairt ar na físeáin Dea-Chleachtais ó SFGM – Teicneolaíocht san Oideachas: Bunscoil: https://www.pdsttechnologyineducation.ie/en/Good-Practice/Videos/Primary/ Iar-bhunscoil: https://www.pdsttechnologyineducation.ie/en/Good-Practice/Videos/Post-Primary/

Treoir maidir le caiteachas ar bhonneagar faoin scéim seo

- Moltar gur maoin de chuid na scoile a bheadh in aon bhonneagar, trealamh san áireamh. I gcás go soláthrófar gléasanna d'fhoghlaimeoir, moltar freisin go rialófaí é sin le socrú iasachta idir an scoil agus an tuismitheoir/an caomhnóir. Ba cheart socruithe le haghaidh aon trealamh den sórt sin a thabhairt ar ais nuair nach mbeidh sé de dhíth ar an bhfoghlaimeoir a thuilleadh a bheith ar áireamh sa chomhaontú sin.
- Tá úsáid aon bhonneagair den sórt sin faoi réir bheartas Úsáide Inghlactha na Scoile freisin. Ós rud é gur maoin de chuid na scoile é an bonneagar, beidh údarás bainistíochta na scoile freagrach as an mbonneagar a chothabháil, a dheisiú, a árachú, etc.
- Ní mór don údarás bainistíochta an socrú trína dtugtar trealamh ar iasacht d'fhoghlaimeoirí lena úsáid lasmuigh den scoil a cheadú.
- I gcás go mbeidh ceadúnais bhreise bogearraí ag teastáil chun rannpháirtíocht foghlaimeoirí a éascú lasmuigh d'uaireanta scoile, féadfar an cistiú a úsáid. Ós rud é gur maoin de chuid na scoile iad na ceadúnais sin, tá úsáid aon bhonneagair den sórt sin faoi réir bheartas Úsáide Inghlactha na Scoile.

- I gcás go dteastóidh ó fhoghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil rochtain ar bhonneagar TFC laistigh den scoil taobh amuigh d'uaireanta scoile, ba cheart é sin a bheith i gcomhréir le beartais agus socruithe aonair na scoile agus a bheith ar aon dul leis na Treoirlínte ón Roinn Oideachais ar Úsáid Foirgnimh Scoile taobh amuigh d'Uaireanta Scoile (2017).
- I gcás scoileanna inar féidir, mar thoradh ar theicneolaíochtaí digiteacha a úsáid, go soláthrófar tacaíocht shonrach agus deiseanna sonracha do na foghlaimeoirí sin ar féidir nach ngabhfaidh siad don oideachas ar shlí eile, féadfar an cistiú a úsáid chun spásanna breise a chruthú chun an méid sin a éascú agus chun gléasanna agus bogearraí sonracha a sholáthar.

Na cineálacha bonneagair a chumhdaítear faoin gcistiú.

- Gléasanna ríomhaireachta: Is féidir go n-áireofar leo sin ríomhairí deisce, ríomhairí glúine, táibléid agus gléasanna hibrideacha. Is féidir go n-áireofar leo freisin trealamh le haghaidh Grafaic Dheartha agus Chumarsáide a sholáthar.
- Uirlisí agus feidhmchláir néalbhunaithe, lena n-áirítear ardáin foghlama atá ceaptha chun tacaí breise a sholáthar d'fhoghlaimeoirí atá i mbaol.
- Bogearraí nó 'aipeanna' áitiúla agus acmhainní ar líne atá ceaptha chun tacú leis an bhfoghlaim.
- Trealamh eile TFC/aonaid fhorimeallacha: Is féidir go n-áireofar leo sin eilimintí TFC atá ábhartha agus oiriúnach don fheidhm agus atá le húsáid chun tacú leis an teagasc, leis an bhfoghlaim agus leis an measúnú. Áirítear iad seo a leanas le liosta táscach den trealamh sin (cé nach liosta uileghabhálach é): trealamh closamhairc amhail ceamaraí socra agus físcheamaraí; ceamaraí digiteacha; callairí, teicneolaíochtaí láithreoireachta idirghníomhaí; amharcléiritheoirí; teilgeoirí; agus trealamh amhail tralaithe ríomhairí glúine/táibléad agus printéirí.

Seomraí Ríomhaireachta (má theastaíonn iad chun tacú le foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil):

- Ba cheart líon dóthanach gléasanna ríomhaireachta (ríomhairí deisce, ríomhairí glúine agus táibléid), printéir, teilgeoir digiteach, réscáileáin idirghníomhacha, trealamh smaointeoireachta ríomhaireachtúla agus aon trealamh eile a mheastar a bheith cuí chun tacú le forbairt scileanna digiteacha a bheith i ngach seomra ríomhaireachta.
- Is faoin scoil atá sé na gléasanna ríomhaireachta a roghnú. Féadfaidh scoileanna ríomhairí deisce, ríomhairí glúine agus trealamh táibléid a úsáid chun smaointeoireacht ríomhaireachtúil, litearthacht ríomhaireachtúil nó cruthaitheacht ríomhaireachtúil, nó meascán díobh sin, a fheabhsú.

Ceanglas chun tuairisciú ar úsáid an chistiúcháin

Ós rud é go bhfuarthas an cistiú trí Shaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta an Aontais Eorpaigh chun aghaidh a thabhairt ar an deighilt dhigiteach, ceanglófar ar scoileanna taifead a chur isteach roimh dheireadh na scoilbhliana

ar an dóigh ar baineadh úsáid as an gcistiú chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais atá ag foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil tríd an deighilt dhigiteach ina scoil. Ba cheart do scoileanna taifead a choimeád ar an dóigh a mbaintear úsáid as an gcistiú.

Ba cheart do scoileanna a admháil ar a suíomh Gréasáin go bhfuarthas an cistiú ó Shaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta an Aontais Eorpaigh agus tuairisc a thabhairt ina dtugtar breac-chuntas ar na gníomhaíochtaí agus/nó na scéimeanna ar tacaíodh leo.

Tuairisceáin Bhliantúla Cuntas

Ceanglaítear ar gach Bunscoil, Meánscoil Dheonach, Pobalscoil agus Scoil Chuimsitheach aitheanta cuntais a chur faoi bhráid an Aonaid um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais gach bliain. Leis sin, comhlíontar an ceanglas atá ar scoileanna faoi alt 18 den Acht Oideachais, 1998, a gcuntais a chur ar fáil lena n-iniúchadh ag an Aire. Áirítear leis na cuntais sin mionsonraí faoin ioncam agus caiteachas ar fad, lena n-áirítear cistiú TFC. Déantar bailíochtú ar an bhfaisnéis a thugtar sna cuntais. Is féidir go n-áireofar leis an mbailíochtú sin iniúchtaí i scoileanna aonair mar chuid den fhaireachán agus de na rialuithe ar an gcistiú a sholáthraítear do scoileanna.

Maidir le Ráitis Airgeadais Bhliantúla na mBord Oideachais agus Oiliúna, iniúchann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iad agus leagtar faoi bhráid Thithe an Oireachtais iad. Soláthraíonn an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí don earnáil Bord Oideachais agus Oiliúna dearbhú do Choiste Iniúchóireachta na mBord Oideachais agus Oiliúna á rá gur leordhóthanach atá an córas rialaithe inmheánaigh atá curtha chun feidhme ag an lucht bainistíochta feidhmiúcháin agus go n-oibríonn an córas sin go héifeachtach.

Cistiú €50 milliún faoin bPlean Náisiúnta um Theacht Aniar agus Téarnamh a Eisiúint go hUathoibríoch le haghaidh TFC

1) Íocfar an deontas seo isteach i gcuntas bainc na scoile go díreach, agus é bunaithe ar na critéir incháilitheachta atá leagtha amach. Ní gá do scoileanna iarratas a dhéanamh ar an gcistiú. Faoi mar atá amhlaidh i gcás gach deontais i gcabhair ón státchiste, ní mór d'údaráis scoile bheith in ann taifid mhionsonraithe a sholáthar ar an dóigh ar caitheadh an cistiú a tugadh faoin scéim seo. Ní mór an caiteachas ar fad a bhaineann leis an scéim a dhearbhú agus ní mór do scoileanna a bheith in ann a chruthú gur caitheadh an cistiú ar bhonneagar atá ceadaithe faoin scéim. Ní mór sonraisc agus admhálacha a choimeád i gcás go ndéanfaidh an Roinn agus/nó an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste cigireacht iniúchóireachta. Ní mór do scoileanna mionsonraí faoi mheastacháin a fuarthas, faoi shonraisc agus faoi admhálacha agus aon taifid ábhartha eile ar an gcaiteachas ar fad a

choimeád go ceann tréimhse seacht mbliana. Cuimsítear san *Aguisín* seo mionsonraí faoi chineál na dtaifead atá le coimeád. Ní mór do scoileanna ráiteas scríofa a thabhairt don Roinn, ach é a iarraidh, faoi chaitheamh an deontais, faoi aon iarmhéideanna atá fágtha agus faoi aon fhaisnéis ábhartha eile. I gcás go ndúnfar scoil go buan, ní mór aon iarmhéid atá fágtha sa chuntas a ghéilleadh don Roinn ar an dáta ar a scoireann an scoil de bheith i mbun oibre. Forchoimeádann an Roinn an ceart chun íocaíochtaí amach anseo le scoileanna a tharraingt siar mura gcomhlíontar ceann ar bith de théarmaí na scéime seo.

2) Ní mór an bonneagar TFC a roghnaíodh lena cheannach a bheith ag teacht leis an mórliosta de bhonneagar údaraithe atá leagtha amach i Rannán 3 den Aguisín seo.

3) Ní mór do scoileanna a chinntiú go gcomhlíontar Ciorclán: 13/2014 dar teideal Deontais ó Chistí Státchiste a Bhainistiú agus Cuntasacht as na Cistí sin. Féach: DPER-Circular-13-14-Guidance-Note-and-Reporting-Requirements-1.

Faisnéis faoi Rátaí Deontais

Bunscoil

Rollú	Deontas – Scoil nach scoil DEIS í	Deontas - Scoil DEIS
0 go 99	€5,000	€10,000
100 go 249	€8,000	€16,000
250 go 499	€13,360	€26,720
500 go 749	€22,311	€44,622
750 nó níos mó	€37,260	€74,519

Iar-bhunscoil

Rollú	Deontas – Scoil nach scoil DEIS í	Deontas - Scoil DEIS
0 go 249	€8,000	€16,000
250 go 499	€13,360	€26,720
500 go 749	€22,311	€44,622
750 nó níos mó	€37,260	€74,519

Nósanna Imeachta Tairisceana agus Coimeád Taifead

Ní mór gach ceannachán a bheith i gcomhréir leis na Nósanna Imeachta um Sholáthar Poiblí. Ba cheart leas a bhaint as Creataí ceannaigh TFC atá ann cheana toisc go simplíonn siad an próiseas um threalamh TFC a cheannach do scoileanna. Tugtar i dTreoracha ón Oifig um Sholáthar Rialtais treoracha chun cabhrú le scoileanna orduithe a dhéanamh trí shásra an Chreata a úsáid. Ba cheart do scoileanna teagmháil a dhéanamh leis an Aonad um Sholáthar do Scoileanna le haghaidh tuilleadh faisnéise agus tacaíochta, de réir mar is gá, trí www.spu.ie. Ba cheart cúram a dhéanamh chun a chinntiú go gcuirfear sonraíochtaí teicniúla comhionanna faoi bhráid gach díoltóra tráth na hiarrata ar mheastacháin scríofa.

Ag obair di i gcomhairle leis an Aonad um Sholáthar do Scoileanna, le Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann agus le SFGM – Teicneolaíocht san Oideachas, bhunaigh an Oifig um Sholáthar Rialtais sásra díreach íostarraingthe do scoileanna le haghaidh Ríomhairí Deisce, Ríomhairí Glúine agus Gléasanna Hibrideacha a cheannach, rud a fhágann nach gá do scoileanna meastacháin a fháil. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ag www.spu.ie.

Tá faisnéis faoi na Creataí TFC atá ann cheana ar fáil ag www.spu.ie. Chun naisc a rochtain ar shuíomh Gréasáin na hOifige um Sholáthar Rialtais, ba cheart do scoileanna clárú mar cheannaitheoirí ar shuíomh Gréasáin Soláthair na hOifige um Sholáthar Rialtais ag www.ogp.gov.ie.

I gcás go mbeidh trealamh nach bhfuil aon chreat TFC i bhfeidhm ina leith á cheannach acu, moltar do scoileanna teagmháil a dhéanamh leis an Aonad um Sholáthar do Scoileanna chun tuilleadh comhairle agus faisnéise a iarraidh. Chomh maith leis sin, ba cheart do scoileanna féachaint ar na bileoga comhairle ó SFGM – Teicneolaíocht san Oideachas ag http://www.pdsttechnologyineducation.ie/en/Technology i ndáil lena riachtanais theicniúla agus ansin féachaint leis an luach is fearr ar airgead a bhaint amach trí mheastacháin scríofa a fhoinsiú i gcomhréir leis na rialacha soláthair phoiblí.

Ba cheart do scoileanna an doiciméad dar teideal '**Guidance for Schools on Good Procurement Practices**' ón Aonad um Sholáthar do Scoileanna, atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Aonaid ag www.spu.ie agus an fhaisnéis ón Oifig um Sholáthar Rialtais ag www.ogp.gov.ie a léamh.

Ról an Bhoird Bhainistíochta

Ní mór don Bhord Bainistíochta sraith nósanna imeachta lena rialaítear ceannach a bhunú agus ba cheart dó na socruithe a leagan amach maidir le tairiscintí a lorg le haghaidh earraí agus le hiad a cheannach, maidir le sonraisc a íoc agus maidir le taifid chuntasaíochta a choimeád. Tá na rialacha sin leagtha amach go soiléir sa doiciméad dar teideal 'Guidance for Schools on Good Procurement Practices', atá ar fáil lena íoslódáil ón nasc seo - https://www.spu.ie/publications-2/procurement-guide/.

Tacaíocht agus Faisnéis

Pleanáil Foghlama Digití

- Is féidir faisnéis faoi Phleanáil Foghlama Digití do scoileanna a fháil ag www.pdsttechnologyineducation/ie/planning agus tríd an suíomh Gréasáin tiomnaithe ag www.dlplanning.ie, a forbraíodh chun tacú le scoileanna teicneolaíochtaí digiteacha a leabú isteach sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú.
- I gcás go mbeidh ceisteanna sonracha ag scoileanna maidir le Pleanáil Foghlama Digití, is féidir leo iad sin a chur trí https://dlplanning.ie/contact/.

Treoir agus faisnéis TFC

- Is féidir comhairle TFC maidir le teicneolaíochtaí oiriúnacha a fháil ag www.pdstechnologyineducation.ie/technology.
- I gcás go mbeidh ceisteanna sonracha ag scoileanna maidir le comhairle TFC, is féidir na ceisteanna sin a sheoladh le ríomhphost chuig ictadvice@pdst.ie.

Acmhainní do mhúinteoirí a úsáideann teicneolaíochtaí digiteacha don teagasc agus don fhoghlaim

- Soláthraítear i dTairseach oifigiúil na Roinne don Ghaeloideachas **(www.scoilnet.ie)** breis agus 21,000 acmhainn dhigiteach ardchaighdeáin atá ag teacht leis an gcuraclam bunscoile agus leis na sonraíochtaí ábhair iar-bhunscoile. Is féidir le múinteoirí na hacmhainní sin a úsáid don teagasc agus don fhoghlaim.
- Tá físeáin lena dtaispeántar an dea-chleachtas i dteicneolaíochtaí digiteacha a úsáid chun tacú le roinnt cineálacha cur chuige teagaisc agus modheolaíochtaí teagaisc ar fáil ag https://www.pdsttechnologyineducation.ie/en/Good-Practice/Videos/. Dá mba mhaith leat físeáin den dea-chleachtas i dteicneolaíochtaí digiteacha a leabú isteach sa teagasc agus san fhoghlaim i do scoil a chomhroinnt, seol ríomhphost achomair ina leagtar do chleachtas amach chuig technologyineducation@pdst.ie

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

- Tá faisnéis maidir le forbairt ghairmiúil ar theicneolaíochtaí digiteacha a úsáid sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú ar fáil ag https://www.pdsttechnologyineducation.ie/en/Training/, trí d'ionad oideachais áitiúil ag www.esci.ie agus trí chainéil ábhartha meán sóisialta na n-eagraíochtaí sin.
- Forbrófar tuilleadh clár forbartha gairmiúla thar thréimhse feidhme na Straitéise ar theicneolaíochtaí digiteacha a úsáid sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú.

Suíomhanna Gréasáin eile

Tá suíomhanna Gréasáin eile ann ar a dtugtar comhairle agus faisnéis chabhrach maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú:

- http://ncse.ie
- http://www.jct.ie agus www.juniorcycle.ie
- http://www.ncca.ie/en/
- https://teachercpd.ie/
- https://www.webwise.ie/ - faisnéis, comhairle agus acmhainní oideachais in aisce lena bpléitear le saincheisteanna agus ábhair imní éagsúla maidir le sábháilteacht Idirlín do dhaoine óga, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí.

Críoch